

An Bhabhláil - Máiréad Ní Loingsigh (1995)

M. NíL: An ndéanfá cur síos dom ar an mbabhláil, mar sin, ar a' gcluiche féinig?

F.ÓD: An babhláil. Bhuel Máiréad, imrítear an cluiche ar chúlhbóithre na hÉireann, na hÍseal Tíre is na Gearmáine, ann, 'sé an treabh a úsáidtear na dhá bhabhla de mheáchan fiche a hocht uasaí. An imríonn duine in aghaidh duine eile leia na babhlaí seo, agus am, mar shampla now, dá mbeadh bóthar de dhá mhíle agat, do bheadh ort an pointe deiridh den bhóthar seo a shroichint roimh an duine i do choinnibh. Séard a deintear ná go caitheann tú an babhla faoi lámh – underhand – síos an bhóthar chomh fada agus is féidir leat. Dá dtógfadh sé ort deich mbabhla chun na pointe deiridh den bhóthar dhá mhíle a shroichint, agus dá dtógfadh sé ort – dá dtógfadh sé dhá bhabhla déag ar an duine i do choinnibh, do bheadh an bua agatsa de bhárr is gur shroichfeá-sa an pointe deiridh den bhóthar roimhe.

M. NíL: Tuigim, tuigim.

Cad mar gheall ar a' dtéarmaíocht a bhaineann leis an mbabhláil. Tuigim go bhfuil téarmaíocht fé leith ag baint leis.

F. ÓD. Tá téarmaíocht. N'fheadar an féidir liom cuimhneamh ortha go léir, ach déanfadh-sa mo dhícheall. Am bhuel, má chaitheann tú bábhla now an-fhada síos a' bhóthar agus dá mbeadh slua ag féachaint ort, 'sé, 'sé an rud a déarfadh an lucht féachana ná "Come on boy, that's a miler," a miler.

M. NíL: A miler

F.ÓD: Ciallaíonn a' miler ná gur babhla iontach fada é agus, Jesus,

M. NíL: Go leanfadh sé ar aghaidh agus ar aghaidh

F.ÓD: Leanfadh sé ar aghaidh agus ar aghaidh agus like, ní stopfadh sé in aon chor.

M. NíL: Tuigim

F.ÓD: Ceann eile ansan ná nuair a bhíonn tu ag imirt, bíonn sórt duine a thugann cabhair duit, go siúlann sé síos an bhóthar agus go leagann sé féar am, ar phointe áirithe don bhóthar chun a theaspáint duit am, cad é an am pointe is fearr chun an babhla a chaitheamh, go leagann sé an féar agus sé an rud a deirtear ná "Cut the grass boy, cut the grass!" Like, má chaitheann an duine an babhla ansan dá raghadh sé thar a' bhféar san is cinnte gur babhla iontach bheadh ann

M. NíL: Tuigim

F.ÓD: Mar tá a fhios ag an duine a leagann an féar cé chomh tapaidh is atá an bhóthar ar thaobh amháin agus ar an dtaobh eile.

M. NíL: Tuigim

F.ÓD: Sin téarmaíocht eile actually, am, the quick side of the road, taobh tapaidh agus the slow side of the road, an taobh mall den bhóthar agus bíonn a fhios ag daoine insna máguaird sin cad iad na bóithre is fearr.

M. NÍL: Tá a fhios agam. An mbeadh a fhios agat ó, ó chuma an bhóthair conas a bheadh sé, nó an gá go mbeifeá fhéin amuigh ag babhláil air agus taithí bheith agat air.

F.ÓD: Bhuel, do bheadh ort taithí bheith agat ar na bóithre, agus do bheadh ort is dócha bheith ag caitheamh timpeall dhá bhliain ar na bóithre chun taithí bheith agat ann

M. NÍL: Tuigim

F.ÓD: Agus, ansan, bhuel do bheadh a fhios agat i gcúinní áirithe cé chomh tapaidh is atáid, like, ma bhíonn an taobh den bhóthar árd, is cosúil go mbeadh an taobh sin an-mhall ar fad, agus dá mbeadh sé íseal dá mbeadh an cúinne, an taobh eile den cúinne íseal ansan, is cosúil go mbeadh sé sin an-thapaidh ar fad, agus do leagfadh an fear an fear ansan, agus déarfadh sé “Cut the grass, boy!” Agus an, téarma eile ansan ná, oh yah, “loft it!” Dá mbeifeá-sa i gcúinne now, mar shampla, cosúil le -: m’áit féin – in aice le Kilally, tá tigh ag a’ cúinne, agus dá gcaithfeá-sa an bhabhla thar a,’ tigh san, is cosúil go mbeadh babhla iontach ann “loft it!” a deirtear so “loft it, boy!” Ciallaíonn sé sin ná, ná chun an babhla a chaitheamh thar rud éigin atá ós do chómhair amach, thar “obstacle” éigin.

M. NÍL: Tá a fhios agam.

F.ÓD: No dá gcaithfeá-sa ar an mbóthar é gan é a chaitheamh ins an aer is cosúil go dtógfadh sé babhla níos mó ort chun an pointe deiridh den gcúrsa a shroichint. Am, n’fheadar an bhfuil téarma eile agam anois. Ní dóigh liom go bhfuilim in aon chuimhneamh ar théarma eile.

M. NÍL: Is ea. Ta san an-shuimiúil.

Cad mar gheall ar dhaoine ansan a bhíonn páirteach ann. Am – bhfuil mórán daoine óga ag gabháil dó? Nó an mbaineann sé níos mhó le daoine aosta?

F.ÓD: Bhuel, baineann sé níos mó le daoine ins na caogaidí agus ins na seascaidí fé láthair mar, bhuel, m’athair now, do bhí cónaí air ins an tuath, agus sé an rud a deireann sé liom ná gurbh é sin an t-aon chaitheamh aimsire a bhí acu lasmuigh den iománaíocht is an peil Gaelach ag an am. So do chuardar amach leis na babhlaí ar na bóithre nuair a bhíodar óg ina na déagóirí ag an am.

M. NÍL: Is ea.

F. ÓD: An, so, sna caogaidí, so na daoine a bhí ins na déagóirí, ina déagóirí ins na caogaidí, táid fós ag imirt agus táid ins na caogaidí agus na seascaidí fé láthair. Ach an, tar éis dom é san a rá, like, tá cónaí orm insa chathair anois agus táim amach lem chárde ag babhláil.

M. NÍL: Tá a fhios agam.

F.ÓD: Ach is dócha é an tionchar atá orm agus ar mo cháirde ná go raibh ár n-aithreacha ag imirt, agus like, you know, do tháinig sé síos uathu.

M. NíL: Tá sé sa chlann!

F. ÓD: Tá sé sa chlann! Tá sé sa chlann!

M. NíL: Sa bhfuil, b'fhéidir!

F.ÓD: Sa bhfuil! N'fheadar fé san!

M. NíL: Tá a fhios agam

Agus an, a' gcífeá daoine óga agus daoine aosta ag imirt le chéile?

F.ÓD: Ó, dó chífeá, do chífeá. Baineann daoine aosta an-thaitneamh as bheith ag teaspáint scileanna agus cuid den bhóthar do san daoine óga, don aos óg. Baineann said an-thaitneamh as agus like, a' rá like, do bhí, do bhí an caighdeán i bhfad níos fearr i mo ama, i mo am, you know.

M. NíL: Tá a fhios agam, yah.

F.ÓD: Deireann siad é sin.

M. NíL: Agus ná fuil clanna áirithe áta an-bhrinteach leis an mbabhláil, agus – a bhíonn an-thugtha dó.

F.ÓD: Yah, bhuel, 'siad an dá chlann is cáiliúla i gCorcaigh ná muintir Uí Dhrisceoil agus muintir Uí Dhálaigh

M. NíL: Ó, an ea?

F.ÓD: Tá, tá clú orthu agus am, sé an am, t-imreoir is cáiliúla ins an cluiche ná Barry Paddy Barry.

M. NíL: Paddy Barry, yah.

F.ÓD: Paddy Barry, ah deirtear go raibh sé go hiontach ar fad.

M. NíL: 'Sea, Tá clú agus cáil air san.

F.ÓD: Ó, tá clú agus cáil air.

M. NíL: Agus am, cad mar gheall ar chúrsaí airgid ansan? Ní foláir nó bíonn airgead cuibheasach mór i gceist, ar nairibh is dócha.

F.ÓD: Ó bíonn, you know like, bhuel, tá cónaí orainn in Éirinn like, agus fé mar is eol duit, Jesus, téann gach éinne isteach go dtí an geallghlacadóir gach Satharn, you know, an-chuid de sna daoine, ach nuair a theastaíonn uathu airgead mór a chur ar spórt, téann – níl orthu ach dul amach ar an Domhnach go dtí sna cluichí – go dtí an cluiche so. Agus, like, caitheann daoine na mílte púnt, na mílte.

M. NíL: A'gcaitheann?

F.ÓD: Yah, roinnt daoine, na mílte púnt ar na cluichí agus, cuireann na daoine a bhíonn ag imirt airgead isteach ansan. You know, dá mbeadh beirt ag imirt, seans go caithfeadh duine amháin míle isteach, agus an duine eile míle isteach agus, Jesus, bíonn an-chuid airgid isteach ins an “kitty”.

M. NíL: 'Sea. Gnó mór is ea hé, mar sin

F.ÓD: Ó, gnó mór é

M. NíL: Agus is dócha go mbíonn daoine an-dháiríre fé.

F.ÓD: Ó bíonn, bíonn, agus, you know, cosúil leis an rud atá tarlúint fé láthair ins an cluiche snooker le Jimmy White agus Peter Fransisco maidir leis an “rigging,” you know.

M. NíL: Tuigim

F.ÓD: Ins na cluichí, am, deirtear go dtarlaíonn sé sin an-mhinic ins na babhlaf leis an airgead.

M. NíL: An ea?

F. ÓD: ...ar na cluichí-airgead mór so cailleann daoine cluiche d'aon ghnó

M. NíL: Do chéifé na mótaí mhóra timpeall na háite alright sna Cillíní agus in aice leis an, leis an Blackstone Bridge. Bíonn an-shlua ann.

F.ÓD: Ó yah, bíonn, bíonn, bíonn, yah.

M. NíL: Agus daoine saibhre, leis, déarfainn. Gan amhras, is dócha go bhfuil an, réimse cuibheasach mór daoine páirteach. Bíonn léachtóirí Ollscoile agus lucht gnó agus feirmeoirí.

F.ÓD: Bhuel do chuala, do chuala, do chuala go bhfuil léachtóirí Ollscoile páirteach san h-ait-se aon n'fheadar n'fhaca duine aon siúd ag imirt riamh, ach seans go bhfuil, like. Seans gur fhásadar suas ins na, ins an tuath ins na caogaidí, agus fé mar a dúrt cheana, d'imir na daoine é san mar chaitheamh aimsire, so seans gur fhásadar suas leis sin. Ach am, 'siad na daoine is mó a imríonn ná an, “working class” – daoine a bhíonn baint acu leis na ceird, agus na feirmeoirí freisin.

M. NíL: Feirmeoirí

F.ÓD: Feirmeoirí. Daoine a bhíonn ina gcónaí amuigh fén tuath, an, ní bhíonn éinne really ón meánaicme ag imirt.

M. NíL: Ná bíonn?

F.ÓD: Nó, ní bíonn, ní bhíonn, ní bhíonn

M. NÍL: Do Luais cheana féin gur cluiche idirnáisiúnta anois é

F.ÓD: Bhuel is cluiche idirnáisiúnta é leis na blianta chun na fírinne a rá, ach nuair a deirim cluiche idirnáisiúnta bhuel níl ach trí tír i gceist chun na fírinne a rá. 'Siad na tíortha san ná an Iseal Tír, An Ghearmáin agus Éire. Ach, in Éirinn níl ach dhá chontae really, chun na fírinne a rá, like, go n-imrítear an cluiche, agus 'siad siúd ná Árd Mhacha agus Corcaigh.

M. NÍL: 'Sea

F.ÓD: Agus gach uile bliain bíonn craobh na hÉireann ar siúl. Bliain amháin, bíonn an craobh in Árd Mhacha, agus an bliain ina dhiaidh bíonn sé i gCorcaigh.

M. NÍL: Is cuimhin liom é bheith i gCorcaigh cúpla bliain ó shin, alright, Agus am, is dócha gur go gceapann daoine, pé scéal é, gur cluiche é a imrítear i dTuaisceart na cathrach i gCorcaigh don chuid is mó nó an mbíonn sé ar súil – is dócha go mbíonn...

F.ÓD: Bhuel, bíonn sé ar súil i dTuaisceart na cathrach ach, nuair a bhíonn tú ag caint fén gcathair fhéin, imrítear é i dtuaisceart na Cathrach. Ní imrítear é i ndeisceart na cathrach. Ach, tar éis dom é sin a rá, like, imrítear an cluiche i ngach cuid de Chorcaigh.

M. NÍL: Gach cuid den gcontae, an ea?

F.ÓD: Gach cuid den contae, am, in iarthar agus in oirthear.

M. NÍL: Tá a fhios agam.

F.ÓD: an chontae

M. NÍL: Agus an viaduct. Tá sé sin ar an dtaobh ó dheas den gcathair, nach ae?

F.ÓD: Ó tá, the viaduct. Tar éis sin a lua, do bhíos ag an comórtas, I'd say, ó,; i lár na n-ochtóidí lem athair. Do chuas ann i ndiaidh an cluiche – cluiche chontae idir Carraig Dhubh agus Naomh Finbar's measaim. No, Mainistir na Corann, agus do bhí an bua ag Mainistir na Corann, so is cuimhin liom an lá san. Do chuas amach lem athair, am... Viaduct – ó is droichead mílteach mór é, ó Jesus na céadta slat thuas ins an aer agus 'sé an comórtas a bhí ann ná chun an babhla a chur thar an droichead san. D'éirigh le daoine... Tá dhá shaghas babhla fé mar No, ní dúirt é san. Tá dhá shaghas babhla fé mar. No, ní dúirt é san. Tá dhá shaghas de bhabhla. Ceann de mheachan sé unsa déag, agus ceann eile, fé mar a luas cheana, am, ocht, ocht unsa is fiche.

M. NÍL: Tuigim

F.ÓD: Am, 'sé an comórtas a bhí ann, fé mar a dúirt ná go raibh ar na daoine am, na babhlaí a chaitheamh thar a' droichead san, na céadta slat thuas san aer, so do 'chuadar cúpla céad slat síos a' bhóthar, agus do ritheadar agus like, do dheineadar iarracht na babhlaí a chaitheamh thar a' droichead. Níor éirigh le mórán. D'éirigh le timpeall am trúir, am an babhla sé unsa déag a chaitheamh thar a' viaduct, ach níor éirigh ach le fear amháin an ceann le, am, ocht unsa is fiche a chaitheamh thar a'

viaduct, agus b'as an Íseal Tír an fear san, agus d'úsáid sé "ramp". D'úsáid sé "ramp" do rith sé suas an rampa sin agus d'éirigh leis agus...

M. NíL: Tuigim

F.ÓD: Do bhí an lucht féachana, like...

M. NíL: Tuigim. Ní foláir nó tá ana, an-chuid scéalta ag imeacht timpeall mar gheall ar daoine ag, ag loftáil, mar a déarfá.

F.ÓD: An viaduct? Yah well, deir m'athair go bhfuil sé i bhfad níos éasca sa lá atá inniu ann ná fé mar a dúirt, ná fé mar a bhí sé fadó. Dúirt sé go raibh...

M. NíL: Sceacha, is dócha

F.ÓD: Sceacha, yah, sceacha ag fás bárr a' viaduct agus go raibh píopaí ag dul thar a' viaduct freisin, so, do chuir sé sin timpeall fiche slat...

M. NíL: Sa bhreis ann

F.ÓD: Sa bhreis ann, yah.

M. NíL: Tuigim

F.ÓD: So, do bhí sé i bhfad níos deacra, am, an, fiú bhí se chomh deacair san is níor éirigh le am, Barry, an viaduct...

M. NíL: Ó, an ea?

F.ÓD: No, níor éirigh leis an babhla a chur, a chaitheamh thar an viaduct in aon chor. D'éirigh leis, alright, an babhla do mheachan sé unsa déag a chaitheamh thar an viaduct ach níor éirigh leis an ceann eile a chaitheamh thar an viaduct in aon chor. So, do bhí sé an-dheacair ag an uair san.

M. NíL: An-dheacair ar fad, déarfainn. Do chaithfeá bheith an-láidir is dócha, nó an gá? Nó, an...

F.ÓD: Bhuel do chaithfeá-sa bheith láidir don scil san é a chaitheamh thar an viaduct, ach ins an cluiche féin, just ar 'na bóithre, ní chaithfeá-sa bheith...

M. NíL: A' gcaitheann tú bheith tapaidh?

F.ÓD: Ó caithfeá bheith tapaidh ag rith suas chun an babhla a chaitheamh. De ghnath ins an cluiche...Just, táim ag éalú now ón viaduct, ach ins an cluiche fhéin am, do bheadh ort rith ar feadh fiche slat go han-thapaidh ar fad.

M. NíL: 'Sea.

F.ÓD: Am, agus ansan, ní chaithfeá-sa bheith láidir. Is scil é really, just chun, fé mar a dúrt, an féar a bhualadh.

M. NíL: ‘Sea

F.ÓD: An féar a leagtar ar na bóithre a bhualadh agus ansan, dá, dá éireofá-sa an pointe san a bhualadh, Jesus, do bheadh “miler” agat.

M. NíL: Tuigim

F.ÓD: Yah

M. NíL: Tuigim. Agus am, téann...Is dócha go dtéann an babhla fhéin isteach sa chlaí agus sa bhféar ar nairibh. A’ mbíonn sé deacair ar dhaoine, ansan, é a bhaint amach?

F.ÓD: Ó, ní bhíonn sé deacair de bhárr is go...Nuair a bhíonn slua ann, like...

M. NíL: Do chífidís

F.ÓD: Do chífidís é

M. NíL: Cá raghadh sé, yah

F.ÓD: Nuair a bhíonn cluiche ar súil, like, seasann daoine ar thaobh an bhóthair

M. NíL: An slí ar fad

F.ÓD: An slí ar fad, so, bíonn daoine, duine.

M. NíL: Ag faire?

F.ÓD: Ag gach pointe den bóthar ag faire amach...

M. NíL: Tuigim

F.ÓD: cá raghadh an babhla. Ach, níor luas é so níos luaithe, ins an cluiche, má chaitheann tú an babhla, agus muna bhuaileann sé an bóthar, am, say mar shampla dá gcaithfeá-sa é agus dá raghadh sé isteach ins an claí agus dá dtiocfadh sé amach ar an mbóthar arís, am, ní babhla é san in aon chor. Do bheadh ort é a chaitheamh arís, agus you know.

M. NíL: Tuigim, so sin riail eile

F.ÓD: Sin riail eile, sin riail eile

M. NíL: Tuigim, yah, Cad mar gheall ar, am, an trácht yes mar sin anois sa lá atá inniu ann? Ní foláir nó tá na bóithre i bhfad níosa, níosa ghnóthaí ná mar a bhídís.

F.ÓD: Bhuel, mar a bhídís? Bhuel níl ach aon bhliain is fiche d’aois, ach, mar a dúirt m’athair, ní raibh aon téacht ar na bóithre ag an am san, so, ní raibh aon fadhbanna acu. Ach anois, like i ndiaidh gach babhla, beagnach, am, tagann gluaisteán ar an mbóthar agus bíonn, bíonn ort an cluiche a stopadh agus cuireann sé sin isteach as daoine go mór.

M. NíL: ‘sea, ‘sea

F.ÓD: You know, bíonn...Dá mbeifeá-sa ag rith suas chun an babhla a chaitheamh; agus dá ndéarfadh duine “stop! Tá cárr ag teacht,” ná cuirfeadh sé sin isteach ar an duine.

M. NíL: ‘sea, ‘sea. Is dócha go mbíonn lucht na gcairteanna cantalach go maith uairibh leis is dócha...

F.ÓD: Bhuel, I mean, bíonn

M. NíL:....go gcaithfidís stop agus...

F.ÓD: Bhuel, ní na gluaisteáin as a’ dtuath, mar tuigeann siad an scéal, tuigeann siad an caitheamh aimsire.

M. NíL: ‘Sea

F.ÓD: Ach, dá dtiocfadh mar shampla, cárr now le “reg TS” nó “LK air, Jesus, ní bheadh a fhios, ní bheadh clú acu cad a bheadh ag tarlúint.

M. NíL: Cad a bheadh ag tarlúint

F.ÓD: Agus dá mbeadh daoine a’ rá stop like, ó...

M. NíL: Ní thuigfidís

F.ÓD: Ní thuigfidís, agus do bheadh fearg orthu, is dócha

M. NíL: Tá a fhios agam, tá a fhios agam

F.ÓD: Agus uaireanta ní stopann na daoine san mar ní thuigeann siad an scéal. Ní thuigeann siad an caitheamh aimsire, mar, fé mar a dúrt, ní imrítear é ach in Árd Mhaca agus i gCorcaigh, so conas a bheadh a fhios acu.

M. NíL: ‘sea

F.ÓD: Leis na sluaite san ar na bóithre

M. NíL: Tá bóthar nua in úsáid anois sna Cillíní. Tá a fhios agat sean-bhóthar na Blárnan. Níl sé sin á úsáid in aon chor a thuilleadh mar, bhuel, toisc an bóthar nua go Mala bheith ann.

F.ÓD: Ó, ‘sea, caithfidh mé dul go dtí an bóthar san.

M. NíL: So, bíonn lucht babhlála ansan, agus ní foláir nó bíonn sé go breá ciúin agus mar sin dóibh.

F.ÓD: Do bheadh sé sin an-úsáideach. Measaim go bhfuil an-chuid cúinne, cúinní.

M. NíL: Tá. Tá

F.ÓD: Ar an mbóthar san. Sár-chluiche a bheadh ann.

M. NíL: Casey's Rock, ansan

F.ÓD: Casey's Rock, ó yah.

M. NíL: Cosúil le Casadh na Gráige, is dócha.

F.ÓD: Casadh na Gráige! An-mhaith!

M. NíL: Do luais cheana, am, sna caogaidí, go mbíodh lucht babhlála ag dul amach ag iománaíocht chomh maith, is gurb iad san an dá chaitheamh aimsire is mó a bhí aige sna daoine

F.ÓD: Yah

M. NíL: Bhfuil an ceangal san fós ann?

F.ÓD: Bhuel, tá an ceangal fós ann. Tá sé an-láidir sa lá atá inniu ann. Am, mar shampla i dTuaisceart na cathrach le mo chlub fhéin Fánaithe an Ghleanna bíonn comórtas acu gach uile bliain ins an babhláil. Téann, glacann timpeall céad duine páirt in sa chomórtas so. Tosnaíonn sé Mí Éanair agus críochnaíonn sé – críochnaíonn an comórtas um Cháisc. Am, imríonn beirt in aghaidh beirt, am “a player” agus “6 player ar fhoireann amháin, like. “a player” – sin iad siúd na daoine go bhfuil an-mhaith ins an cluiche agus na daoine eile, na “6 players” ansan, you know, just téann siad amach le craic just chun é a imirt.

M. NíL: 'sea

F.ÓD: Ansan, bíonn comórtas ann agus bíonn duaiseanna ag deireadh an chomórtais sin – airgead sin iad na duaiseanna, agus ansan, níl ort ach cúig phunt a íoc chun dul isteach sa chomórtas so agus ansan bíonn dí saor in aisce ag deireadh an chomórtais um Cháisc. So, is infheistiúchán iontach é.

M. NíL: Tuigim

F.ÓD: You know, cúig phunt le haghaidh timpeall deich phiúnt, deich bpiúnt ag deireadh an chomórtais. Tá sé go hiontach, so tá an-cheangal idir iománaíocht, peil Gaelach agus an cluiche babhlála.

M. NíL: Tuigim, tuigim.

F.ÓD: Fós sa lá atá inniu ann i dTuaisceart na cathrach. Ó yah do dhearmadas téarma ag tús an agallaimh so, am, ceann eile de sna téarmaí is tábhachtaí ins an cluiche is dócha – “the bowl of odds”. Séard a bhí leis sin ná, am, dá mbeifeá-sa i lár an chluiche now, mar shampla, agus dá mbeadh, mbeifeá-sa tar éis sé bhabhla a chaitheamh chun pointe áirithe a bhaint amach, agus dá mbeadh an duine atá i do

choinnibh tar éis seacht mbabhla a chaitheamh chun an pointe céanna a bhaint amach, do bheadh “bowl of odds” ag an duine a chaith an sé bhabhla.

M. NíL: Tuigim

F.ÓD: Sé sin an téarma so the bowl of odds

M. NíL: An difríocht idir an dá thoradh, is dócha

F.ÓD: An difríocht, yah, agus dá mbeadh an duine i do choinnibh tar éis dhá bhabhla sa bhreis a chaitheamh, 'séard an téarma a bheadh ann ná “two bowl of odds,” you know.

M. NíL: Two bowl of odds

F.ÓD: Two bowl of odds, boy!

M. NíL: Tuigim. Tá sé an-shuimiúil an téarmaíocht a chloisint

F.ÓD: Ó tá sé

M. NíL: Tá agus, is dócha gur cluiche é go bhfuil a ghlór fhéin ag baint leis

F.ÓD: Ó tá a ghlór fhéin ag baint leis! Jesus! D’fhéadfá-sa an glór san a chlos

M. NíL: Dob fhéidir, gan amhras

F.ÓD: Jesus, i ngach áit

M. NíL: Gan amhras, agus bhuel aon áit go mbíonn slua mar sin bíonn glór i gceist

F.ÓD: Do chloisfeá-sa “that’s a miler, boy!” or “go on, boy!” Rudaf mar sin, like

M. NíL: Tuigim

F.ÓD: So bíonn glór i gceist

M. NíL: Dh’aithneofá

F.ÓD: Ó dh’aithneofá! Buel daoine ó Chorcaigh agus Árd Mhacha. Ó, freisin, tá sé, actually, tá sé tar éis tosnú, am i gCiarraí agus i Maigh Eo freisin.

M. NíL: An bhfuil?

F.ÓD: Tá, tá an cluiche, so seans i gceann deich mbliana amach anso, beidh daoine...

M. NíL: go mbeidh sé coitianta

F.ÓD: Ó sna contaetha so, you know, ag glacadh páirt i gcraobh na hÉireann. Beidh sé sin go dial.

M. NÍL: 'sea

F.ÓD: Freisin, imrítear, am the World Championships freisin gach, measaim, gach dhá bhliain, measaim.

M. NÍL: Tá a fhios agam.

F.ÓD: So, seans go n-imreofá-sa é in Éirinn agus an bliain ina dhiadh san ins an Íseal Tír. So is cluiche fós atá láidir

M. NÍL: 'sea

F.ÓD: So, n'fheadar a' bhfuil sé ag fás. Ní dóigh liom go bhfuil. Like, i gceann fiche bliain amach anso, now, nuair a bheidh na daoine a d'fhás suas leis an gcluiche ins na caogaidí, nuair a bheidh siad siúd marbh, cosúil leis na léachtóirí ins an coláiste seo, seans go bhfaighfidh am cluiche bás, mar níl mórán daoine ón aos óg ag imirt. Agus, fé mar atá a fhios agat, tá daoine ag just, níl mórán daoine ina gcónaí ins an tuath anois.

M. NÍL: Níl

F.ÓD: Táid go léir ina gcónaí ina an cathair, so, ní théann mórán daoine amach ag babhláil.

M. NÍL: D'fhéadfadh san cur isteach air.

F.ÓD: D'fhéadfadh, d'fhéadfadh. Tá súil agam ná cuirfidh mar is cluiche iontach é.

M. NÍL: Tuigim

F.ÓD: Agus cluiche saor in aisce, like. You know, níl...Cosnaíonn na babhlaí timpeall fiche punt

M. NÍL: An gcosnaíonn?

F.ÓD: Cosnaíonn, ó táid daor a dhóthain, ach you know, tá babhlaí now ag m'athair ó na seascaidí measaim, agus táid fós aige. Sár bowls atá aige, atá ann.

M. NÍL: Yah, bhíos chun an cheist sin a chur ort, actually, a'mbíonn ceann speisialta ag, aige daoine, you know?

F.ÓD: Bhuel, bíonn cinn speisialta ag daoine agus coimeádann siad iad, am, am...Jesus tá an cluiche an-saor chun é a imirt.

M. NÍL: Bhfuil aon cheann agat féinig?

F.ÓD: Ó tá, bhuel, úsáidín fhéin cinn m'athar.

M. NÍL: Tá a fhios agam.

F.ÓD: Bhuel, tá dhá cheann aige, so, tá ceann speisialta agam alright. Is maith liom an ceann san. N’fheadar, just.

M. NíL: Cad mar gheall ar na leads óga ansan? An úsáideann siad-san an ceann atá níos éatroma – an ceann sé unsa déag.

F.ÓD: Yah, úsáideann na daoine fé ceathair déag na cinn san, agus ansan amach úsáideann daoine an ceann ocht unsa is fichead.

M. NíL: Tá a fhios agam.

Bhfuil cur amach agat ar a’ dtigh tábhairne istigh sa Linn Dubh go bhfuil baint aige le, leis an mbabhláil?

F.ÓD: Ó, The Bowlers’s Rest?

M. NíL: ’Sea

F.ÓD: Ó yah. Bhuel tá baint aige leis an babhláil alright, bhuel siad na daoine a théann isteach ann ná na daoine a imríonn an cluiche alright. Am, agus na daoine a imríonn an cluiche so téann siad amach go dtí sna draghunts freisin, like.

M. NíL: Ó, a’ dtéann?

F.ÓD: Ó, téann, yah. ‘sé sin cultúr eile ó sna caogaidí – draghunting leis na madraí. Ach am, leis an babhláil téann daoine, mar a luas, isteach ann, am, measaim n’fheadar...Is dócha gur osclaíodh é ins an caogaidí nuair a bhí an cluiche so ag fás so, chuaigh na daoine isteach ansan nuair a bhíodar óg, sórt kind of, sórt “nightclub” ag an am san, is dócha, you know, do sna daoine óga, ach am, do chuarar isteach ann agus táid fós ag dul isteach ann agus níl mórán ón aos óg ag dul isteach ann.

M. NíL: Ná fuil?

F.ÓD: Fiú na daoine atá óg a imríonn an cluiche. Just, ní théann siad isteach go dtí an chathair cosúil le, cosúil le gach éinne eile.

M. NíL: Bhuel, gura maith agat!